# Curaclam na Bunscoile a Athbhreithniú agus a Athfhorbairt

## Seimineár do Pháirtithe Leasmhara 2: Sineirgí Cumhachtacha

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2019

# An Clár Ábhar

Curaclam na Bunscoile – Seimineár 2 1

Réamhrá 3

Plé 1 5

Oideolaíocht 6

Plé 2 9

Comhtháthú 9

Plé 3 12

Eolas agus Tuiscint 12

Conclúid 14

# Réamhrá

Tá athbhreithniú agus athfhorbairt á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar churaclam na bunscoile. Táimid ag obair le múinteoirí agus cleachtóirí luathoideachais, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, comhlachtaí bainistíochta, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardcháilíochta a fhorbairt idir seo agus deich nó cúig bliana déag. Caithfimid a chinntiú gur féidir le curaclam bunscoile na todhchaí taithí ábhartha agus mealltach a sholáthar do pháistí a chuireann lena n-óige agus lena mblianta níos deireanaí mar dhaoine fásta. Agus tosca comhthéacsúla á gcur san áireamh, baineann an obair le breith a thabhairt ar chuspóir, struchtúr agus ábhar churaclam na bunscoile athfhorbartha. Tá trí shnáithe chomhlántacha ag baint leis an obair seo: 1) Oibriú le scoileanna, (2) Taighde agus (3) Seimineáir (féach Fíor 1). Cuireann gach snáithe leis na cinn eile agus cuidíonn sé le cruth a chur orthu agus mar a chéile, bíonn gach snáithe mar bhuntaca ag na cinn eile.

**Fíor 1: Trí shnáithe d'athbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim**





In obair CNCM, tarraingítear go mór as taighde, agus dá bhrí sin scríobh taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta sraith páipéar taighde gearr maidir le príomhghnéithe de churaclam bunscoile athfhorbartha. Tacaítear sna páipéir thaighde le rannpháirtíocht in athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile. Is féidir teacht ar na páipéir thaighde i rannóg bunscoile shuíomh gréasáin CNCM ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie). Táimid ag obair freisin le bunscoileanna,

iar-bhunscoileanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. Le chéile, léiríonn siad seo an éagsúlacht shaibhir comhthéacsanna scoile agus tá siad i bhFóram na Scoileanna.

Reáchtáil CNCM cúig sheimineár idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Rinneadh freastal ar an seimineár trí chuireadh chuig comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne (féach Aguisín 1) agus bhí go leor de na múinteoirí, ceannairí scoile agus cleachtóirí luathbhlianta a d'fhreastail orthu ina mbaill d'Fhóram na Scoileanna (féach Fíor 2). Tugadh deiseanna sna seimineáir chun breith a thabhairt ar na príomhphointí a bhí ag teacht ó na páipéir thaighde, agus chun plé agus cíoradh a dhéanamh ar na pointí seo ó dhearcthaí éagsúla. Áiríodh i ngach seimineár cur i láthair ó spreagchainteoir (féach Aguisín 2) ag díriú ar ghnéithe tábhachtacha de churaclam na bunscoile. Bhí na cúig sheimineár leagtha amach mar seo a leanas:

- Seimineár 1: Cuspóir an Churaclaim
- Seimineár 2: Sineirgí Cumhachtacha
- Seimineár 3: Léargais Nua
- Seimineár 4: Turais Foghlama a Bhreisiú
- Seimineár 5: An Turas ar Aghaidh a Rianú.

**Fíor 2: Páirtithe leasmhara a ghlac páirt sna seimineáir churaclaim**



# Curaclam na Bunscoile – Seimineár 2

Reáchtáladh an dara seimineár dar teideal 'Sineirgí Cumhachtacha', ar an 17 Bealtaine, 2018. Bhí ceithre chur i láthair spreagaithisc ag an seimineár mar seo a leanas:

- Rinne an tOllamh Louis Volante cur i láthair ar phríomhtheachtaireachtaí oideolaíocha ar fud an churaclaim
- Rinne an Dr Karin Bacon cur i láthair ar an gcomhtháthú
- Rinne an tOllamh Emerita Carol McGuinness cur i láthair ar inniúlachtaí
- Rinne an tOllamh Dominic Wyse cur i láthair ar eolas.

Deis a bhí sa phlé seimineáir do rannpháirtithe freagairt do na smaointe sna cuir i láthair agus iad a phlé. Bunaíodh iad timpeall ar shraith ceisteanna (féach Aguisín 2) agus rannpháirtithe ina suí ag boird chiorclacha chun plé agus díospóireacht a éascú. Cé go raibh pointí ann ar aontaigh na rannpháirtithe orthu, bhí roinnt easaontais ann freisin. Níorbh é an aidhm a bhí leis an bplé teacht ar chomhréiteach ach chun cead a thabhairt do gach duine a chuid a rá agus cuimhneamh ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara eile a bhí rannpháirteach.

Seo a leanas léargas gairid ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith na bpléití agus tá athfhriotail dhíreacha ó rannpháirtithe le feiceáil i gcló iodálach.

## Plé 1

Bhí Seimineár 2 dírithe ar Shineirgí Cumhachtacha agus, mar chuid de seo, díríodh sa chéad phlé ar oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén chiall ba cheart a bheith leis an oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha bunscoile?
2. Cé na hoideolaíochtaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh i gcuraclam athfhorbartha?

   2.1 An athraíonn siad seo de réir mar a théann an páiste ar aghaidh sa bhunscoil? Má athraíonn, cén chaoi?
3. Cén chaoi a bhféadfadh curaclam bunscoile athfhorbartha tacú leis na hoideolaíochtaí seo?

   3.1 Cén tacaíocht eile a bheadh ag teastáil chun cur le cumas scoileanna agus múinteoirí oideolaíochtaí cumhachtacha agus nuálacha a fhorbairt?

Tháinig trí phríomhthéama chun cinn ó na pléití seo.

- Brí na hoideolaíochta i gcuraclam athfhorbartha
- Tosaíocht a dhéanamh den oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha
- Tacú leis an oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha

## Brí na hoideolaíochta i gcuraclam athfhorbartha

Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhfuil an téarma *oideolaíocht* teicniúil agus go labhraíonn múinteoirí go hiondúil ar mhodhanna, ach aontaíodh gur cheart páistí a choinneáil i lár an chleachtais. Bhí comhaontú ginearálta gur cheart go gcuirfí in iúl go soiléir i gcuraclam na haidhmeanna agus luachanna uileghabhálacha atá ann agus an tuairim atá aige ar an bpáiste mar fhoghlaimeoir, agus gur cheart go léireofaí iad seo san oideolaíocht/sna hoideolaíochtaí atá mar bhuntaca leis an teagasc. Braitheadh gur chabhraigh *Aistear* go leor le hoideolaíocht bunaithe ar spraoi a thabhairt isteach agus, mar thoradh air sin, tá foghlaim bunaithe ar chluichí ina norm anois in go leor seomraí ranga naíonáin. Ach, d'fhéadfaí iarrachtaí níos fearr *a dhéanamh chun oideolaíochtaí spraíúla a thabhairt isteach sna meán-ranganna agus sna ranganna sinsearacha.* Caithfimid dúshlán a thabhairt don *dearcadh i measc tuismitheoirí agus fiú roinnt múinteoirí mura bhfuil sé ar an mbord nó bunaithe ar leabhar, nach 'fíorobair' atá ann* ...is gá *feasacht a ardú faoi oideolaíocht spraíúil agus an páiste ag dul tríd an gcóras.* Níl comhaontú uilíoch maidir leis seo; bhí rannpháirtí amháin den tuairim *cé gur féidir le Aistear a bheith éifeachtach, uaireanta nach dtarlaíonn aon fhoghlaim uaidh.* Ina ainneoin sin, measadh go raibh an caidreamh idir oideolaíocht agus prionsabail uileghabhálacha an churaclaim ríthábhachtach.

## Tosaíocht a dhéanamh den oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha

Bhí roinnt amhrais faoi chur chuige saintreorach i dtaca leis na cineálacha oideolaíochtaí a d'fhéadfadh múinteoirí agus cleachtóirí a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh luachanna an churaclaim bunscoile athfhorbartha mar bhonn eolais agus mar threoir agus go gcumasódh sé rogha níos fearr oideolaíochtaí. Tá mothú ginearálta ann maidir leis an gceist seo faoi rogha

a cuireadh in iúl i bpléití ag na seimineáir chomhairliúcháin: fonn, ar lámh amháin chun féinriail gairmiúil an mhúinteora agus na scoile a dhearbhú, agus aitheantas, ar an lámh eile, go gcaithfidh treoirlínte agus eiseamláiriú a bheith ann mar thacaíocht do roghanna múinteoirí. Moladh comhairliúchán le múinteoirí maidir le hoideolaíocht. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag Fóram na Scoileanna sa nuálaíocht anseo, ag tabhairt samplaí tábhachtacha den dea-chleachtas, lena n-áirítear fianaise físe: *Chabhródh sé seo le múinteoirí coinneáil suas chun dáta le smaointe nua..rud dúshlánach é seo do mhúinteoirí níos sine a bhreathnaíonn ar a gcuid teagaisc mar obair. Tá sé tábhachtach an cleachtas is fearr a leanúint.* Ar an mbealach seo, d'fhéadfadh múinteoirí fáil amach faoi chleachtas nuálach agus éagsúil.

## Tacú leis an oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha

Luadh timpeallacht fhisiciúil na scoile agus an cumas atá aici tacú le hoideolaíocht nó bac a chur uirthi. Dá bharr sin, bheadh gá na spásanna fisiciúla ina dtarlaíonn an fhoghlaim a chur san áireamh agus an curaclam á athfhorbairt.

Maidir leis an oideolaíocht, mheas go leor daoine go raibh an caidreamh idir an naíonra agus an bhunscoil suntasach, go háirithe san aistriú idir an dá áit.

> *Ba cheart go mbeadh níos mó comhsheasmhachta san aistriú idir suíomhanna luathbhlianta chuig bunscoileanna. Tá naisc an-teoranta le réamhscoileanna, caithfear dul i ngleic leis seo. Tús iontach is ea an creat Aistear, ach tá roinnt múinteoirí nach bhfuil ag baint leasa as.*

Ar an gcaoi chéanna, rinneadh an pointe go mbeadh cur is cúiteamh maidir le hoideolaíocht idir na hearnálacha ina thacaíocht tábhachtach agus na páistí á n-ullmhú don aistriú chuig an iar-bhunscoil. Is féidir le forbairt churaclaim an cur is cúiteamh sin a chur chun cinn trína chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht ar fud an chórais ar fad.

Measadh gur cinntitheach an-tábhachtach den oideolaíocht is ea cultúr na scoile, cleachtais mheasúnaithe agus tuairiscithe san áireamh. Mar gheall go mbíonn comhthéacsanna scoile chomh héagsúil, tarraingíodh aird ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag curaclam ró-ualaithe ar an oideolaíocht. Mheas roinnt daoine go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag curaclam athfhorbartha ina gcuirtear foghlaim théamach nó bunaithe ar thionscadail chun

cinn ar an oideolaíocht. *Faoi láthair, tá samhail ina bhfuil muinín an-íseal againn; ní bhíonn i gcuraclam ró-shaintreorach ansin ach próiseas cuntasaíochta.*

Mheas roinnt daoine gur *cuid den fhadhb* é oiliúint múinteoirí ina leantar ar aghaidh le réimse cúng oideolaíochta..*caithfidh scoileanna meantóireacht, cóitseáil agus samhaltú a fhiosrú in ionad modhanna níos traidisiúnta.* Chuir grúpa plé eile dearcadh an-difriúil ar fáil agus leag siad béim ar an luach a bhaineann le naisc idir scoileanna agus ITEnna:

> *...d'fhéadfadh socrúchán múinteora a bheith mar bhuntaca leis an nuálaíocht i scoileanna, cén fáth a mbrúitear isteach i samhail scoile thraidisiúnta iad nuair atá smaointe cruthaitheacha acu....ról an mhúinteora ranga ag tacú agus ag cur le próiseas oideachais an mhúinteora. An féidir le múinteoirí fochéime tacú le múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu in oideolaíochtaí éifeachtacha? Foghlaim fhrithpháirteach?*

Ar deireadh, braitheadh go mb'fhéidir go mbeadh sé úsáideach oideolaíochtaí cuí a shainaithint sa churaclam agus roghchlár a thabhairt do mhúinteoirí, ionas go mbeadh deiseanna acu rogha a dhéanamh gan a bheith ag mothú go gcaithfidh siad. Dá bhrí sin, theastódh treoir ó mhúinteoirí maidir le cuspóir agus rogha.

# Plé 2

Bhí an dara plé dírithe ar chomhtháthú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén tuiscint atá agat ar chomhtháthú curaclaim?
   1.1 D'fhoghlaim páistí?
   1.2 Do phleanáil, teagasc agus measúnú múinteoirí?
2. I bhfianaise pháipéar an Dr Bacon, cén tuiscint ar chomhtháthú curaclaim ba cheart a bheadh mar bhuntaca le Curaclam Bunscoile athfhorbartha?
3. Céard iad na dúshláin a bhaineann le comhtháthú curaclaim do phleanáil, teagasc agus measúnú múinteoirí?
   3.1 Cén chaoi ar féidir le Curaclam Bunscoile athfhorbartha freagairt do na dúshláin seo?

Tháinig dhá théama chun cinn ó phléití:

- Comhtháthú curaclaim a thuiscint i gcuraclam athfhorbartha
- Dúshláin a bhaineann le comhtháthú curaclaim

## Comhtháthú curaclaim a thuiscint i gcuraclam athfhorbartha

Measadh gur bealach atá sa chomhtháthú le ligean do leanaí tuiscint níos doimhne a fháil agus na scileanna agus na léargais a thabhairt dóibh thar raon disciplíní. Teastaíonn am ó pháistí chun tabhairt faoi na nithe is spéis leo agus chun a bhfoghlaim a shintéisiú, b’fhéidir go bhféadfaí bloic am teagaisc níos faide a úsáid chun é seo a éascú ar bhealach níos éasca do mhúinteoirí. Tugadh faoi deara go bhfuil an t-amchlár socraithe caite i dtraipisí ag formhór na réamhscoileanna. Aithnítear go forleathan, (rud nach bhfuil amhlaidh i gcuraclam 1971), mar gheall ar an ábhar ar leith agus chomh deighilte lena chreat ama seachtainiúil a mholtar, níl curaclam 1999 oiriúnach do chomhtháthú curaclaim bríoch. Cé gur treoir mholta a bhí le

bheith sa leithdháileadh ama, glactar leis mar norm anois, agus tá teannas cruthaithe aige seo anois do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil don chomhtháthú.

Thug roinnt rannpháirtithe faoi deara nach raibh siad ach ag cur an fhocail comhtháthú i bhfeidhm ar réimse samhailtí éagsúla den chomhtháthú. Dá bhrí sin, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le téarmaíocht shoiléir, chomhsheasmhach. Sainaithníodh coimhlint tuisceana féideartha, eadhon comhtháthú Indisciplíneach i gcoinne Ildisciplíneach i gcoinne Trasdisciplíneach. B'fhéidir gurb é an réiteach raon cuir chuige a thairiscint a bheadh mar chuid de struchtúr an churaclaim athfhorbartha ionas gur féidir cinntí maidir le comhtháthú a dhéanamh ag leibhéal an mhúinteora nó na scoile aonair, nó an bhfuil an curaclam le comhtháthú go hiomlán, chun teorainneacha idir ábhair a dhoiléiriú nó a bhaint?

Aithníodh roinnt neamhchinnteachta maidir leis an éagsúlacht idir ábhair agus réimsí curaclaim, tugadh faoi deara go raibh comhtháthú lárnach don chleachtas i mbunscoileanna na hÉireann i gcónaí. Is é an comhtháthú is coitianta a úsáidtear in Éirinn faoi láthair an comhtháthú idirdhisciplíneach ina n-eagraíonn múinteoirí an curaclam timpeall ar fhoghlaim choitianta thar dhisciplíní. Taispeánann samplaí den dea-chleachtas i gcuir chuige ildisciplíneacha/trasdisciplíneacha agus téamacha chomh 'indéanta' is atá an cur chuige seo má leabaítear agus má thacaítear i gceart i scoileanna é. D'fhéadfadh *contanam féidearthachtaí*, turas de réir a chéile is ea, seachas cur chuige tobann amháin a bheith níos oiriúnaí in Éirinn. D'fhéadfadh cur chuige téamach go leor a dhéanamh, ach ní mór dó a bheith barántúil agus ábhartha don pháiste agus, cé go gcumasaíonn sé neamhspleáchas an mhúinteora, caithfear a chinntiú go mbíonn taithí curaclaim leathan ag páistí, go sonrach le tagairt do na hamharc-ealaíona, ceol agus drámaíocht.

Ní oibreoidh comhtháthú mar phróiseas, i gcóras atá dírithe an iomarca ar tháirge. Caithfidh muinín a bheith i múinteoirí, agus is gá go mbeidís níos ceannasaí agus míniú á thabhairt ar an gcúis go n-oibríonn siad ar bhealach comhtháite. Teastaíonn plé níos leithne maidir le cuspóir an mheasúnaithe. Bíonn luach ar an rud a thomhaistear, ach ní féidir an fhoghlaim ar fad trí chur chuige comhtháite a thomhas go héasca. Bheadh dúshlán suntasach ag baint le curaclam comhtháite a fhorfheidhmiú gach lá agus theastódh tacaíocht shuntasach. Chaithfí athsmaoineamh ó bhonn ar an gcaoi a gcuirimid struchtúr ar an lá scoile mar thúsphointe, agus léiríodh tacaíocht mhór do sholúbthacht maidir le ham agus teagasc.

## Dúshláin a bhaineann le comhtháthú curaclaim

Cé go bhfuil sé dúshlánach don phleanáil scríofa, tá comhtháthú curaclaim níos taitneamhaí, níos iomlánaíche, níos sásúla agus níos bisiúla don mhúinteoir agus do na páistí araon. Moladh go bhfuil comhtháthú cabhrach chun cáilíocht an chleachtais teagaisc a fheabhsú agus go bhfuil sé níos éasca le baint amach nuair a bhíonn múinteoirí muiníneach agus nuair a fhorbraíonn siad a gcuid eolais oideolaíochta agus ábhair.

Measadh go raibh obair ag leibhéal na scoile an-tábhachtach. Moladh gur príomhbhreithniú anseo is ea cibé ar Curaclam nó Creat Curaclaim a bheidh mar thoradh ar an bpróiseas athfhorbartha. Tarraingíodh anuas an fhéidearthacht go samhlófaí an creat curaclaim athfhorbartha ar *Aistear* sna ranganna sóisearacha a d'fhorbródh agus a leathnódh chuig ábhair. Tacaíonn sé seo leis an bpáiste teacht ó churaclam atá ag teacht chun cinn atá á threorú ag an bpáiste chuig spás comhtháite don fhoghlaim agus ábhair níos feiceála sna ranganna sinsearacha.

Braitheadh gurb athrú suntasach ón gcleachtas reatha a bheadh i gcuraclam comhtháite agus go mbeadh gá athrú mar sin a chur in iúl go soiléir agus in am is i dtráth. Rinneadh roinnt plé maidir le roinnt múinteoirí a bheith ag brath an iomarca, mar a mhothaítear, ar théacsleabhair, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar theagasc gairmiúil agus a chuireann cur chuige réaduchtach chun cinn.

Cuireadh an tuairim in iúl go minic go bhfaigheann múinteoirí faoi oiliúint curaclam deighilte ó speisialtóirí ábhair i rith Oideachas Tosaigh Múinteoirí, agus go bhféadfaí scoláirí ar shocrúchán scoile a spreagadh le foghlaim a chomhtháthú gan tuiscint dhomhain a bheith acu ar na prionsabail maidir le comhtháthú éifeachtach.

Measadh gur cheart páistí a nochtadh d'ábhar a chabhraíonn lena n-aitheantas Éireannach a fhorbairt, go mbeidh siad feasach ar thraidisiúin chultúrtha agus oidhreachta na hÉireann, agus go mbeadh rochtain acu ar eolas ba cheart a bheith ar eolas ag páistí atá ag fás aníos in Éirinn. Beidh tacaíocht ghairmiúil leanúnach, chuí ag teastáil ó mhúinteoirí a bheidh íogair do thosca áitiúla.

# Plé 3

Bhí an tríú plé bunaithe ar eolas agus inniúlachtaí i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Thug na rannpháirtithe freagra ar na ceisteanna seo a leanas.

1. Céard is eolas ann?
2. Céard is inniúlachtaí ann?
3. Cé na cineálacha eolais atá tábhachtach do pháistí ar feadh blianta na bunscoile?
   3.1 An bhfuil cineálacha éagsúla eolais níos tábhachtaí/nach bhfuil chomh tábhachtach ag pointí éagsúla i rith blianta na bunscoile?
4. Ar cheart go mbeadh inniúlachtaí uileghabhálacha i gcuraclam bunscoile athfhorbartha? Más ceart, cé na hinniúlachtaí? (5/6)

| Early Childhood themes, Primary priorities, Junior and Senior Cycle key Skills | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Level 4 | Senior Cycle key skills[6] | Critical and creative thinking | Communicating | Information processing | Bring personally effective | Working with others |
| Level 3 | Junior Cycle key skills[7] | Managing information and thinking; Being Literate; Being numerate | Communicating | Staying well; Being creative | Managing myself | Working with others |
| Level 2 | Primary priorities[8] | Develop thinking, learning and life skills | Communicating well | Be well | Engage in learning | Have a strong sense of identity and belonging |
| Level 1 | Early childhood themes[9] | Exploring and thinking | Communicating | Well-being | Identity and belonging | |

5. An bhfuil inniúlachtaí éagsúla níos tábhachtaí/nach bhfuil chomh tábhachtach ag pointí éagsúla i rith blianta na bunscoile?

- Cineálacha tábhachtacha eolais do pháistí bunscoile
- Inniúlachtaí uileghabhálacha i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

## Cineálacha tábhachtacha eolais do pháistí bunscoile

Caitheann múinteoirí tuiscint an pháiste a fhorbairt trí fhoghlaim, treoir agus cleachtadh. Measadh gurbh éard a bhí in eolas ná fios a bheith ar an bhfreagra; tuiscint is ea an t-eolas a bheith agat agus fios a bheith agat conas é a úsáid agus a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla;

ní gá go mbeadh sé seasta. Tógann agus atógann páistí eolas trí na rudaí a bhfuil suim acu ann, a dtaithí foghlama saibhre agus a bheith ag roinnt lena bpiaraí. Ach, teastaíonn cothromaíocht idir eolas tógtha agus saincheaptha. Chreid rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach rochtain a thabhairt do pháistí ar eolas cuí ag gach céim foghlama ina saol scoile. Cuireadh an cheist maidir lenar cheart don churaclam an t-eolas 'cuí' sin a shaincheapadh (m.sh. ábhair staire) nó ar cheart go mbeadh neamhspleáchas ag scoileanna agus múinteoirí anseo? Ach, is féidir an bonn a bhaint de neamhspleáchas trí bheith ag brath ar théacsleabhair i gcás go gcinneann foilsitheoirí ag deireadh an lae an t-eolas atá tábhachtach.

## Inniúlachtaí uileghabhálacha i gcuraclam bunscoile athfhorbartha

Tá páistí a spreagadh chun foghlama agus grá ar an bhfoghlaim a thabhairt dóibh chomh tábhachtach le heolas a thabhairt dóibh. Tacaíonn foghlaim ar bhonn fiosraithe le scileanna boga a fhorbairt, agus scileanna na smaointeoireachta criticiúla agus anailís ar na cinn is tábhachtaí. Bhí *Curaclam na Bunscoile* 1999 bunaithe ar eolas den chuid is mó, ach bhí scileanna chun tosaigh ann freisin. Is féidir le curaclam bunaithe ar scileanna amháin a bheith ró-chúng i scóip mar sin b'fhéidir go bhfuil inniúlachtaí níos oiriúnaí. Tá seans an-láidir ann ina dhiaidh sin féin, go n-athróidh inniúlachtaí an 21ú haois le himeacht aimsire, mar sin níor cheart go mbeadh an curaclam ró-chúng agus roinnt inniúlachtaí á n-ainmniú. Tarraingíodh anuas gur leor agus gur inmhianaithe cúig nó sé cinn d'inniúlachtaí uileghabhálacha ón oideachas luathóige go dtí an t-oideachas tríú leibhéal. Deis atá i gcuraclam bunscoile athfhorbartha chun "an bhearna a líonadh" idir téamaí *Aistear* agus Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Ach, beidh ar churaclam athfhorbartha a bheith soiléir maidir leis an gcuma a bheidh orthu seo ag pointí éagsúla i dtaithí bunscoile páiste, agus cé na cineálacha taithí atá riachtanach chun iad a fhorbairt. Caithfear litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a áireamh mar aon le folláine agus saoránacht dhomhanda.

Príomhthosca iad folláine, athléimneacht agus gnéithe sóisialta agus mothúchánacha páiste i bhfoghlaim agus i dteagasc páiste. Bíonn tionchar ag cruthaitheacht agus saineolas múinteoirí ar pháistí ó na blianta is luaithe. Is gá ról na dtuismitheoirí chun tionchar a imirt ar fhorbairt inniúlachtaí páistí a mheas freisin.

Beidh gá breith a thabhairt ar na himpleachtaí a bheidh ag na hinniúlachtaí seo ar dhearadh ár bhfoirgnimh scoile i dtéarmaí leagan amach seomra ranga, cineálacha troscáin agus méid an ranga. Caithfear beartais eile (m.sh. foirgnimh, acmhainní, forbairt ghairmiúil leanúnach) a ailíniú le haon athfhorbairt churaclaim.

Measadh go raibh ceannaireacht scoile lárnach ionas go mbeidh tacaíocht ag múinteoirí agus go ndearbhaítear iad as an obair a dhéanann siad chun an curaclam a aistriú agus a fhorfheidhmiú ina seomraí ranga. Dhírigh go leor den chomhrá ar na dúshláin a bhí roimh phríomhoidí teagaisc chuige seo.

# Conclúid

D'eascair roinnt ceisteanna ginearálta ón bplé ar fad i rith an lae, agus ardaíodh téamaí a d'fhéadfaí a leanúint go háisiúil mar chuid den obair leanúnach ar athbhreithniú agus athfhorbairt an churaclaim bunscoile:

- an méid neamhspleáchais a d'fhéadfadh a bheith inmhianaithe ag leibhéal an mhúinteora agus na scoile
- conas an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir eolas agus scileanna
- an chaoi a dtuigtear eolas sa churaclam, agus an chaoi a dtagann oideolaíocht as tuiscint den chineál sin
- an chaoi a dtuigtear an páiste mar fhoghlaimeoir agus a gcuirtear i láthair é sa churaclam
- an chaoi is fearr le hathrú i scoileanna agus sa chóras i gcoitinne a threorú agus a thacú
- an chaoi is fearr le tacaíochtaí d'fhorfheidhmiú curaclam athfhorbartha a fhorbairt agus a dháileadh, lena n-áirítear na samhailtí is oiriúnaí don chomhairliúchán agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach an mhúinteora

- an chaoi lena chinntiú go mbíonn an próiseas forbartha curaclaim solúbtha agus comhoibritheach, agus go gcothaíonn sé torthaí agus teachtaireachtaí soiléire do gach duine lena mbaineann.

Ar deireadh, luadh i bplé ar gach ceann de na topaicí aitheantas an mhúinteora bunscoile agus, go háirithe, réimsí níos 'nuaí' cosúil le folláine agus inniúlachtaí foghlaimeora ag teacht i lár an aonaigh, chomh indéanta is atá sé an oiread sin atá nua nó coimhthíoch a leagan de chúram ar an múinteoir mar a mhúineann ábhair ghinearálta.

# Aguisín 1: Eagraíochtaí ar Páirtithe Leasmhara iad ar tugadh cuireadh chuig an Seimineár dóibh

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Foras Pátrúnachta

Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Association of Childcare Professionals

Cumann Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann

Autism Ireland

Barnardos Éireann

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

Lárionad Ceannaireachta Scoile

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Cumann Ríomh-Oideachais na hÉireann

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Tionscadal DICE

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Luath-Óige Éireann

An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta

An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Ag Foghlaim le Chéile

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Comhlacht Oideachais na hÉireann

An Foras Taighde ar Oideachas

Foras na Gaeilge

Coláiste Hibernia

Rannóg Sláinte agus Folláine FSS

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Múinteoirí Éireann

Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann

Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann

Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann

Lifeways Ireland Ltd

Institiúid Oideachais Marino

Coláiste Mhuire Gan Smál

Ollscoil Mhá Nuad

Migrants Rights Council Ireland

Gréasán Náisiúnta Óige

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

An tOmbudsman do Leanaí

PLÉ

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Royal Society of Chemistry

Safefood

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Gréasán OSPS

Aontas Múinteoirí Éireann

An Chomhairle Mhúinteoireachta

The Ark

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# Aguisín 2: Ceisteanna i gcomhair Plé

## Plé 1

1. Cén chiall ba cheart a bheith leis an oideolaíocht i gcuraclam athfhorbartha bunscoile?
2. Cé na hoideolaíochtaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh i gcuraclam athfhorbartha?

    2.1 An athraíonn siad seo de réir mar a théann an páiste ar aghaidh sa bhunscoil? Má athraíonn, cén chaoi?

3. Cén chaoi a bhféadfadh curaclam bunscoile athfhorbartha tacú leis na hoideolaíochtaí seo?

    3.1 Cé na tacaíochtaí eile a bheadh ag teastáil chun cur leis an gcumas atá ag scoileanna agus ag múinteoirí oideolaíochtaí cumhachtacha agus nuálacha a fhorbairt?

## Plé 2

1. Cén tuiscint atá agat ar chomhtháthú curaclaim?
    - D'fhoghlaim páistí?
    - Do phleanáil, teagasc agus measúnú múinteoirí?
2. I bhfianaise pháipéar an Dr Bacon, cén tuiscint ar chomhtháthú curaclaim ba cheart a bheadh mar bhuntaca le Curaclam Bunscoile athfhorbartha?
3. Céard iad na dúshláin a bhaineann le comhtháthú curaclaim do phleanáil, teagasc agus measúnú múinteoirí?
    - Cén chaoi ar féidir le Curaclam Bunscoile athfhorbartha freagairt do na dúshláin seo?

## Plé 3

1. Céard is eolas ann?
2. Céard is inniúlachtaí ann?

3. Cé na cineálacha eolais atá tábhachtach do pháistí ar feadh blianta na bunscoile?

    3.1 An bhfuil cineálacha éagsúla eolais níos tábhachtaí/nach bhfuil chomh tábhachtach ag pointí éagsúla i rith blianta na bunscoile?

4. Ar cheart go mbeadh inniúlachtaí uileghabhálacha i gcuraclam bunscoile athfhorbartha? Más ceart, cé na hinniúlachtaí? (5/6)

| Early Childhood themes, Primary priorities, Junior and Senior Cycle key Skills | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Level 4 | Senior Cycle key skills[6] | Critical and creative thinking | Communicating | Information processing | Bring personally effective | Working with others |
| Level 3 | Junior Cycle key skills[7] | Managing information and thinking; Being Literate; Being numerate | Communicating | Staying well; Being creative | Managing myself | Working with others |
| Level 2 | Primary priorities[8] | Develop thinking, learning and life skills | Communicating well | Be well | Engage in learning | Have a strong sense of identity and belonging |
| Level 1 | Early childhood themes[9] | Exploring and thinking | Communicating | Well-being | Identity and belonging | |

5. An bhfuil inniúlachtaí éagsúla níos tábhachtaí/nach bhfuil chomh tábhachtach ag pointí éagsúla i rith blianta na bunscoile?

# Aguisín 3: Seimineáir agus Cuir i láthair Spreagaithisc

| Seimineáir | Cuir i láthair Spreagaithisc |
|---|---|
| Seimineár 1: ***Cuspóir an Churaclaim*** | ▪ An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad – Athbhreithniú ar an Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (1999)<br>▪ An Dr Jones Irwin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Tosaíochtaí agus luachanna na sochaí |
| Seimineár 2: ***Sineirgí Cumhachtacha*** | ▪ An tOllamh Louis Volante, Ollscoil Brock – Oideolaíocht agus Meiti-chleachtais<br>▪ An Dr Karin Bacon, Institiúid Oideachais Marino – Comhtháthú Curaclaim<br>▪ An tOllamh Emerita Carol McGuinness, Ollscoil na Banríona – inniúlachtaí an 21ú haois<br>▪ An tOllamh Dominic Wyse, University College London – Ról an eolais i gcuraclaim |
| Seimineár 3: ***Léargais Nua*** | ▪ Bernie McNally, RLGÓ – Comhthéacs agus forbairtí beartais i soláthar luathbhlianta<br>▪ An Dr Harold Hislop, An Roinn Oideachais agus Scileanna – An soláthar reatha agus dúshláin sa todhchaí i dtaithí foghlama luathbhlianta<br>▪ An tOllamh Emer Smyth, ITES – Aistriú chuig an oideachas bunscoile<br>▪ An Dr Alejandra Cortázar, CEPI, An tSile – Ailíniú agus dul chun cinn curaclaim |
| Seimineár 4 ***Turais Foghlama a Bhreisiú*** | ▪ An Dr Emer Ring, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, Coláiste Mhuire Gan Smál – Teoiricí foghlama<br>▪ CNCM – Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí |
| Seimineár 5: ***An Turas ar Aghaidh a Rianú*** | ▪ Sharon O'Donnell – Curaclaim bhunscoile idirnáisiúnta |

| | |
|---|---|
| | ▪ An tOllamh Michael O'Leary agus an Dr Zita Lysaight, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath – Measúnú, foghlaim agus teagasc a ailíniú in athchóiriú agus forfheidhmiú curaclaim |

NCCA